
Nuacht Feirste
Sinn Féin

Uimhir 22 | Meitheamh 20ú | Taille 10p

# Slógadh Shinn Féin




BEIDH teacht le chéile stairiúil de Ghaelgeoirí poblachta i Mí Mheán an Fomhair nuair a thionólfar Slógadh Shinn Féin i Rath Cairn, Contae na Mí.

Mairfidh an slógadh trí lá agus is é na dataí sealadacha ná 19, 20 agus 21 Meán Fomhair. Le linn an tslógaidh beidh: comórtas bailéidí nua-chumtha a bhaineann le troid na saoirse, díospóireacht le painéal cainteoirí ar ról na Gaeilge i nGluaiseacht na Poblachta, léachtaí ar pholaitíocht, ar an litríocht agus ar an stair, caint fan Ghaeilge sa 'Jailtacht', bronnadh gradam ar dhuine a sheas go dílis le cúis na Gaeilge agus na saoirse, turas stairiúil agus dhá oíche shiamsaíochta.

Beidh an díograiseoir Gaeilge Domhnall Ó Lubhlaí ag cuidiú le heagrú an tslógaidh agus tá súil ag Roinn an Chultúir go mbeidh cuid dena Gaelgeoirí is mó le rá sa tír i láthair chomh maith le hionadaithe ó ghrúpaí cultúrtha ón choigrioch.

Beidh comharchumann Rath Cairn ag cur Halla an Phobail ar fáil don slógadh agus beidh lóistín á eagrú acu chomh maith. £30 an costas atá ar an slógadh agus san áireamh leis an táille sin tá lóistín, béilte, cead isteach chuig na céilithe agus chuig na leachtaí.

Tá sé mar aidhm ag roinn an Chultúir an slógadh a úsáid le Gaelgeoirí poblachta a thabhairt le céile agus le nasc a thogáil eatarthu.

Beidh tuilleadh eolais fan slógadh a fhoilsiú de réir mar shocraitear an clár. Is féidir clárú anois ach scríobh chuig: Roinn an Chultúir, Sinn Féin, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11.

## Fáinne Éadach

TÁ Comhchoiste an tSuaitheantais, an dream atá freagrach as an Fháinne, i ndiaidh glacadh le moladh ó Shinn Féin go gcuirfí Fáinne Nua – Fáinne Eadach – ar fáil do chimí sna sé chontae. Ach tá ráite ag an NIO nach ligfidh siad an Fáinne Éadach isteach agus go mbeidh cosc air díreach mar tá ar An Fháinne Miotail chéana.

Scríobh Roinn an Chultúir, Sinn Féin chuig an Comhchoiste ag moladh an Fháinne Éadaigh i ndiaidh cainteanna leis an Chonradh Ceilteach i Londain – an chéad ghrúpa a mhol an Fáinne Éadach. Glactar leis gur dul chun cinn iontach atá i gcinneadh an Chomhchoiste de bhrí go dtabhrann sé aitheantas don obair atá sa tsiúl sna priosúin leis an Ghaeilge a chur chun cinn. Muna ligeann na hudarais priosúin fáinne neamhurchóideach éadaigh isteach *"ar bhonn slándála"* tá siad ag tahbairt le fios nach ndéan an Comhaontú duifir ar bith do chearta na Gaeilgeoir.

Is é an Fáinne Nua Gaeilge an dara suaitheantas is coitianta sa tír.

**Comóradh bhliantúil Wolfe Tone**
**Baile Bhodain**
**Domhnach 22ú Meitheamh**
**Cruinnigh 2 i.n.**
**Sallins**
**Co Cill Dara**
*Príomh óráid: Martin McGuinness*






## Gaeilge in Ard Mhaca

TÁ ainmeacha Gaeilge ar trí shráid in Ard Mhacha anois.

Chuir Sinn Féin comharthaí Gaeilge in airde i Sráid na hEamhna, sa tSráid Ghaelach Uachtarach agus sa tSráid Ghaelach Íochtarach. Níor baineadh le na comharthaí Béarla sna sráideanna sin.

Arsa oifigeach cultúir an pháirtí sa chathair Sean Mac Nic:

*"Tá feachtas sa tsiúl againn le suim an phobail sa Ghaeilge a ardú. Tá súil againn go go dtabharfaidh na comharthaí seo le fios don phobal go bhfuil an Ghaeilge beo beathaíoch sa cheantar seo.*

*"Tógadh achainí sa cheantar ag iarraidh tacaíochta don scéim agus tacaigh formhór mór na ndaoine. Chuidigh Conradh na Gaeilge linn na hainmneacha Béarla a aistriú go Gaeilge."*




TÁ an séú eagrán de Saoirse iris pholaitiúil na Gaeilge a fhoilisíonn Sinn Féin ar fáil anois.

70p a luach agus tá altanna ar Chomhaontú Hillsborough, ar chomhdháil na Náisiún gan Stáit, ar Alt 31 agus ar litríocht a shíolraigh ó seachtain na Cásca.

Tá cóipeanna ar fáil ó; *Saoirse*, 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1 nó 147 Bóthar Bhaile Andersan, Béal Feirste 11.


CUMANN NA MEIRL

Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE CHEO

GACH AOINE

Fáilte romhaibh uilig


## Comórtas Ba

TÁ comórtas bailéidí agus amhráin nua-chumtha fá throid na saoirse in Éirinn á eagrú ag Sinn Féin.

Is iad beirt cheoltóir Gaelach a bhéas mar mholtóirí ar an chomórtas. Bronnfar duais de £100 ar an iontráil is fearr agus £50 ar an dara iontráil is fearr.

Reachtólfar an comórtas ag slógadh Shinn Féin i Ratl Fomhair nuai a gceol go poiblí.

Ba chóir iont láithreach chuig Féin, 147 Bóthar Feirste 11.

## Cruinniú ionadaithe na fo-c

THÁINIG ionadaithe de chuid Sinn Féin ón cheithre fho-choiste cultúir, atá bunaithe i gcomhairlí an tuasicirt, le chéile i nDún Geanainn, Dé Domhnaigh, 15 Meithimh le ceist na Gaeilge sna comhairlí a phlé. Glac an cruinniú leis go ndéanfaí tréan-iarracht oifigigh lánaimseartha a cheapadh leis na cultúir Gaelach a chur chun cinn sna ceithre ceantair.

Chualthas tauiriscí ó na fo-choisti i nDoire, san Omaigh, i bhFear Manach agus san Iúr. Tugadh le fios go bhfuil an SDLP i nDoire ag cur bac ar obair an fho-choiste chultúir. Tá an SDLP atá i gceannas ar an chomhairle agus ar an fho-choiste ag diúltú ionad Gaeilge a cheapadh ar an fl déanta sna ceantair eile — a fosta cruinnithe den fho-che trí ceantair eile tá ag éirí choistí agus i bhFear Manac fograithe ag an chomhair Gaeilge.

Cinneadh ag an chruinn n-ardófaí ceist na Gaeilge údarás áitiúil. Gheall na hi feadh siad brú ar an NIO chimí cluichí gaelacha a mi

## Toghachán d'uachtarántacht Chomh

LE CIAN Mac AOIDH

TIONÓLFAR dáil mhór Chomhaltas Uladh i gColáiste Mhichíl, Omeith, Dé Sathairn, 21 Meitheamh agus don chéad uair le tamall de bhlianta anuas beidh toghachán ann d'oifig an uachtarán.

Is iad Máire Bean Uí Ghogain, atá fósta ina huachtarán ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, agus Séan Ó Canainn as Doire a bheas ag dul san iomaiocht le chéile. Tá Seán ina chathaoirleach ar Chonradh na Gaeilge i nDoire agus i 1984 chaith sé coicís i bPriosún Bhéal Feirste mar gheall ar a dhílseacht don teanga. Beidh rúnaí an chomhaltais Gearóid Mac Giolla Domhnaigh ag dul chun tosaigh arís i mbliana.

Ina chuntas don dáil mhór deir an tuasal Mac Giolla Domhnaigh go bhfuil 68 gcraobh cláraithe le Comhaltas Uladh. Ar seisean :

*"Creidim gur chóir do Chomhaltas Uladh sa bhliain atá romhainn cinneadh ar tuilleadh timireachta i measc craobhacha, scoileanna agus an phobail. Ba cheart nascú le múinteoirí naíscoile, bunscoile agus scoileanna iarbhunoideachais. Ba chuidiú don obair coistí Gaeilge a bhunú i scoileanna gramadaí, mar thús agus ceangal a thionscnamh de ábhair oidí agus fo-chéimithe.*

### RÚIN

I measc 19 rún atá ar an chlár tá moladh ó Chraobh Chamlocha go gceapfaí oifigeach caidrimh poiblí ar Choiste an Chúige *"le eolas faoi obair agus imeachtaí an chomhaltais a scaipeadh ar na nuachtáin náisiúnta agus loganta"*.

I rún ó chraobh Sheain Mhic Dhiarmada, Béal Feirste moltar

*"Scoil Phobal Feirste as an méid atá déanta acu leis an Ghaeilge a chur chun cinn in Iarthar Bhéal Feirste, ach go háirithe, agus geallaimid gach tacaíocht don iarracht atá sa tsiúl le Bunscoil nua a bhunú a bhéas ag freastal ar Thuaisceart, ar Dheisceart agus ar Oirthear Bhéal Feirste "*

Molann Craobh ard Mhic Nasca don Chomhaltas dul i gcomhairle leis an BBC chun cláracha Gaeilge a chur ar fáil ar theilifís.


MÁIRE UÍ GHOGAIN

Molann Craobh Roibe ird Uí Sheachnasiagh, Bé Feirste.

*"Go gcuidíonn Comha tas Uladh nó go gcuirean siad tús le bunú 'coiste oideachas tríd mheán*

...IRLEACH

...n

...EOIL

...E

...ig

## ...aileídí

...i Rath Cairn an 19ú Meán ...huair a bhéas na baileídí á ...iblí.

...ir iontrálacha a sheoladh ...chuig roinn an chultúir Sinn ... Bóthar Bhaile Andarsan, Béal

## ...o-choistí


...i ionadaithe ó na heagraisí ...ar an fho-choiste — mar tá ...eile — agus táthar ag diúltú ... fho-choiste a thionóil. Sna ... ag éirí go geal leis na fo... Manach tá scéim deontaisí ...omhairle do scríbhneoirí

...chruinniú chomh maith go ... Gaeilge sna priosúin san ...l na hionadaithe go gcuir... NIO cead a thabhairt do ...na a imirt.

## ...mhaltas



...OGAIN



SEÁN Ó CANAINN

...oh Roibeá... ...siagh, Béal

*...n Comhal... ...gcuireann ... 'coiste le ...mheán na*

*Gaeilge' san sé chontae, le plean a dhéanamh amach de réir na nithe atá do dhíobhail ar an scéim sin agus le cuidiú díreach a thabhairt agus le rá leis an stát a leithéid a chur ar fáil''.*

# Sahara – náisiún uilig nó bás

*LE DONALL Ó DUFAIGH*

**DEICH MBLIANA** ó shin d'fhogair an Polisario, *"Poblacht Arabach Dhaonlathach an Sahara"* — an lá céanna is a d'imigh na Spáinnigh. Cad é an stair atá ag an tír seo, ó dheas ó Mharaco ar chósta na hAfraice agus cad é mar atá cúrsaí inniu.

An Spáinn a chuir an Sahara Thiar faoi smacht impiriúlach. Ach ag tús 1973 fuair muintir an Sahara tacaíocht is airm ó Ghaddafi sa Libia le troid a chur ar an Spáinn chun saoirse a bhaint amach. I mBealtaine na bliana sin, bhunaigh siad an ghluaiseacht Polisario le cogadh a chur ar na Spáinnigh agus le tacaíocht idirnáisiúnta a chuartú. D'éirigh go maith leis an taobh míleata den Polisario agus thosaigh na Spáinnigh ag déanamh réidh le himeacht. Ach shantaigh Maraco agus an Mharatain an Sahara Thiar.



Oglaigh de chuid Polisario ar patról sa Sahara

Rinne Maraco ionradh ó thuaidh agus an Mharatain ó dheas. Chuir an Polisario cogadh eadarnaíoch ar an dá dhream agus d'fhogair siad an phoblacht chomh luath is a d'imigh na Spáinnigh. Ag comhdháil airí an E.A.A. (Eagraíocht d'Aontacht na hAfraice) go díreach ina dhiaidh sin, d'aithin 17 dtoscaireacht an Polisario agus beirt an Pads (Poblacht Arabach Dhaonlathach an Sahara).

### GASTA

D'iarr rúnaí ginearálta an PADS, El Uali, síochán ar Mharaco agus fiú amháin d'ófráil sé socrú éigin fá fosfait an Sahara, a shantaigh Maraco ach dhiúltaigh an Rí Hassan II agus chuir sé cogadh fíochmhar ar an Polisario. Throid siad seo ar ais go maith mar tá siad iontach eolach ar an ghaineamhlach agus, le 500 Land Rover, tá siad gasta.

Nuair a tharla *coup d'etat* ins an Mharatain, d'fhogair an Polisario sos cogaidh leis an tír sin. Mar thoradh ar sin, tharraing an Mharatain amach as an Sahara agus d'aithin siad an Pads.

Tá arm 120,000 ag Maraco sa tír agus gan ach 5,000 in arm an Sahara ach le cogadh eadarnaíoch tá an Polisario ag baint, agus ó thaobh taidhleoireachta chomh maith! Tá an Pads aithnithe ag 63 thír. Ag an cheiliúradh i mbliana bhí toscaireachtaí ó 63 tír ansin, an India, Cuba, Panama, Angola, Beiniseala, an Ailgeir, Meicsiceo, Vitneam, an Iugslaiv, an tSiria is araile, agus ó ghluaiseachtaí saoirse dála an ANC, SWAPO, agus an PLO.

### EADARNAÍOCH

Amach ó 100,000, b'fhéidir, atá beo faoi ansmacht ghear Mharaco ins an Sahara Thiar — agus arm eadarnaíoch an Polisario, ar ndóigh, tá an chuid eile de phobal Phoblacht Arabach Dhaonlathach An Sahara beo, i gcampaí ins an Ailgeir i gCeantair Tinduf, congarach don teorainn leis an Sahara agus le Maraco (tá siad slán ansin!) agus tá coras maith oideachais ó reamhscolaíocht (d'achan duine ó 3 bliana ar aghaidh) go hollscolaíocht, do bhuachaillí is do chailíní acu.

Cé gur poblacht Ioslamach í, Poblacht Arabach Dhaonlathach an Sahara, tá an bhean ar chomhcéim leis an fhear ó thaobh dlí de, tá closcaradh ann, agus ní chaithfidh achan duine an creideamh moslamach a chleachtadh.

Tá SAM, an Fhrainc is an Spáinn le Maraco ach go hidirnáisiúnta tá níos mó tacaíochta ag an Sahara gach bliain, Agus, tá a spiorad dochloíte féin le fáil sa mhanadh atá acu: *"cul el watan o shahada"*, sé sin, *"náisiún uilig nó bás"*. Ná raibh bás i ndán dóibh mar náisiún!

# Ag foghlaim na Gaeilge

**Le Foghlaim**

an féar — the grass
na bláthanna — the flowers
na crainn — the trees
an sruthán — the stream

seidfidh an ghaoth — the wind will blow
titfidh an fhearthainn — the rain will fall
tosóidh na plandaí ag fás — the plants will start to grow
eireoidh na laethanta fada — the days will get longer

**Ag.**

agam — at me
agat — at you
aige — at him
aici — at her
againn — ag us
agaibh — at you(s)
acu — at them

Tá fiche punt agam — I have 20 pound
Tá a fhios agam sin — I know that

**CEACHT A NAOI DÉAG**

Tá scian agam — I have a knife
Tá scian agat — You have a knife
Tá scian aige — He has a knife
Tá scian aici — She has a knife
Tá scian againn — We have a knife
Tá scian agaibh — —You(s) have a knife
Tá scian acu — They have a knife

# An Chúistiúnacht

*LE DEASŪN BREATNACH*

**NUAIR a bhí mise ar scoil agus an Chúistiúnacht á 'mhiniú' dúinn ar scoil dúradh linn nach raibh páirt dá laghad ag an Eaglais fhéin i gcéasadh ná i mbás na n-eiriceach. Ní dhearna an Chúistiúnacht ach cúrsaí a 'fhiosrú'. Má cruthaíodh daoine ciontach chuir an Chúistiúnacht na daoine bochta céanna ar fáil don "ghéag shibhialta" (.i. don stát) leis an obair ní ba shalaí a chur i gcrích.**

Ní fíor sin. Le tamall maith tá leabhar i gCaistílis á aistriú agam agus mo chéile. *Proceso de la Inquisicion contra Maria de Cazalla* le Milagros Ortega Costa (Fundación Universitaria Espanóla, Madrid, 1978) an leabhar atá i gceist agam. Triail ab ea í sin san 16ú aois a bhain le sraith in éadan na nAlumbrados (nó Illuminati), daoine a d'easaontaigh leis an Eaglais oifigiúil faoi mhionrudaí. Ar éigin a labhródh easpag ar bith ina n-éadan inniu. Ach ba shin aimsir an Reifirméisin agus an cogadh – cogadh ar choinsias agus ar meon – san fhuil ag cách.

Dá léadh duine de chuid Opus Dei féin an triail seo – agus caipéisí na cúirte, sa chuid is mó de, atá sa leabhar seo faoi mheas – bheadh air a admháil gur bean mhaith a bhí i María bocht. Ag deireadh na triallach fritheadh neamhchiontach í sa chúis mhór (ach fritheadh ciontach í sa chúis bheag, as bheith ag malartú teachtaireachtaí le cime eile).

### FINEÁL

In ainneoin í a bheith neamhchiontach sa chúis mhór, dúradh faoi sin nach raibh a dhóithean fianaise ina héadan len í a frítheadh ciontach, gearradh fíneáil throm uirthi. Ina dhiaidh sin, in ionad í a shaoradh ón bpríosún b'amhlaidh a coinníodh istigh go mídhlisteanach í sa chaoi nach b'fhéadfadh sí a chur in iúl do dhuine eile lasmuigh – a bhí faoi amhras ag an gCúistiúnacht – nár thug sí aon fhainaise ina choinne. Rud lofa thús deireadh, a déarfá. agus an ceart agat. Ach in ainm Iosa Críost a rinneadh an obair chéanna.

Maidir leis an gcéasadh, séard a rinne siad le María de Cazalla ná, í a cheangal, a béal a choinneáil ar oscailt, agus neart uisce a dhoirteadh isteach sa mbéal, sa chaoi go raibh sí beagnach tachtaithe.

Fhad is a bhí an obair naofa seo ar siúl b'amhlaidh a bhí na breithiúna – sagairt gach duine díobh – ag breathnú uirthi, ag impí uirthi an fhírinne a insint, rud a bhí á insint an t-am ar fad aici, de réir deallraimh.

Tá dráma ag Berthold Brecht a thaitin go mór liom faoi Ghaillieo, a tháinig faoi amhras, freisin, ag an gCúistiúnacht. Sa dráma seo cloistear an Pápa ag moladh go dtaispeánfaí na "huirlisí céasta" don bhfear bocht agus dhéanfadh sin cúis. Bhí an ceart ar an bPápa: Tharraing Gailileo an fhírinne siar agus chuir sé bréaga ina háit, rud a shásaigh an Chúistiúnacht.

### FIANAISE

Thaisepáin RTE scannán faoin scríbhneoir Cervantes ar na mallaigh. Scríbhneoir mór na Caistílise atá sa bhfear seo, duine eile a tháinig faoi amhras ná gCuistiúnacht a (mar a tháinig dochtúir na hEabhraise, Tomás d'Aquinas). Theip orthu a dhóithean fianaise a chruinniú ina choinne agus d'éirigh leis bás a fháil go nádúrtha agus gan aon chúnamh ar leith ó na diabhail naofa úd.

Ach bhí díoltas acu, más go déannach féin é. Tar éis dó bás a fháil shíl a chairde onóir a thabhairt dó trí leac, agus a ainm greannta uirthi, a chur in úrlár séipéil. Rinne siad amhlaigh ach ansin ba ea a d'ordaigh an Chúistiúnacht go scriosfaí í agus go gcaithfí na píosa amach ar an tsráid.


*"La Leyenda Negra"* a thugann cuid des na Spáinnigh ar scéalta faoi eagras seo na hEaglaise Rómhánaigh, ag ligean orthu nach bhfuil sna scéalta sin ach áibhéil. Ba shin díreach tuairim Francisco Franco freisin agus an cliarlathas a thacaigh leis; ach sin scéal eile.


**Cumann Rodaí Mhic Chorlaí**

**Oíche Folk**
Déardaoin
**Oíche Cheoil**
*(fáilte roimh Ghaeil)*
Dé hAoine
Oíche Luain
**Dara Rang Gaeilge**
Oíche Mháirt
**Bunrang**
Oíche cheoil
ar son **Naíscoil na Fuiseoige.**
Oíche Chéadaoin
**Bunrang agus Ard-Rang**




# Crosfhocal 15



**Trasna**
1. Tá Béal Feirste sa chontae... seo (7)
8. Ró-mhéid, breis (7)
9. Ábhar déanta (7)
10. Mothaigh, cuimil (7)
11. Téann tú ag snámh uaigh seo sa samhradh (2,3)
12. Ansin (3)
14. Cuireann tú bróg air (3)
16. Cáil (3)
21. Faighim amach (5)
22. Gleo (7)
23. Idir seachtadú agus nochadú (9)
24. Droch-íde, droch úsáid (7)
25. Putáil, ladhráil (7)

**Síos**
1. Contae an úlloird (8)
2. Cealgaíonn an bláth seo thú (7)
3. Modh taisteal simplí (6)
4. Ní... domh, is cuma liom (5)
5. Duine gan chiall (6)
6. Roinnte i dtrí cuid (5)
7. Tanaí (4)
12. Reamhfhocal asam agat, srl (2)
13. Uasal, thar gnáthach (8)
14. Madra (2)
15. Beartaím slataí (7)
17. Buail síos (6)
18. Píosa mór adhmaid a choinníonn an díon suas (6)
19. Foilsiúcháin ríalta (5)
20. Tabhair céim do dhuine (5)
22. An..., finscéal cáiliúl (4)

**Seoltar freagraí chuig:**
**An tEagarthóir,**
**Nuacht Feirste,**
**146 Bothar Bhaile Andarsan,**
**Béal Feirste 11**

**Buaiteoir Crosfhocal 14:**
Proinnsias Ó Maolmhuaidh,
An tSráid Ghaelach,
Dún Geanainn.

**Freagraí Crosfhocal 14:**
**Trasna:** 1. Albanach; 7. Peann; 8. Babhdóir; 10. Meascan; 11. Loghra; 12. Abar; 15. Obadh; 17. Riaíl; 18. Each; 21. Slacan; 23. Raiméis; 25. Seamróga; 26. Sugán; 27. Sleachta.
**Síos:** 1. Aibhleoga; 2. Babóg; 3. Nadurtha, 4. Céim; 5. Feisirí; 6. Aneas; 9. Reab; 12. Ach; 13. Arclampa; 14. Slándála; 16. Deamhan; 19. Ceis; 20. Bacus; 22. Croch; 24. Seal.

**Seoltar litreacha srl chuig *Nuacht Feirste,* 147 Bóthar Andarsan, Béal Feirste 11.**